Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha, Co. na Gaillimhe, [redacted]
[redacted] www.udaras.ie

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

Feabhra 2024

A chara,

Fáiltíonn Údarás na Gaeltachta roimh an deis a bheith páirteach i bpróiseas comhairliúcháin maidir leis an Ráiteas Polasaí ar Chreat Fháistineach don Fhuinneamh Eischósta Inathnuaite (Offshore Renewable Energy Future Framework Policy Statement.)

**Réamhrá**

Tá sé léirithe ag Údarás na Gaeltachta le os cionn 40 bliain anuas go bhfuil ról rathúil aige i dtaca le forbairt teanga, eacnamaíochta agus sóisialta na Gaeltachta agus tá obair na heagraíochta fréamhaithe i saol eacnamaíochta, cultúrtha agus sóisialta na gceantar sin. Tá cúraimí agus freagrachtaí straitéiseacha uathúla ar an eagraíocht sa nGaeltacht agus tá cur chuige comhtháite aige i leith forbairt na Gaeltachta. Lena chinntiú go mbeidh Gaeltacht rathúil inbhuanaithe ann níor chóir go mbreathnófaí ar an teanga, ar an eacnamaíocht, ar an bpobal agus ar an timpeallacht mar nithe atá scartha óna chéile.

*Ráiteas Misin agus Fís Údarás na Gaeltachta*

Is é ráiteas misin an Údaráis ná: *"Pobal agus geilleagar fuinniúil, rathúil, inbhuanaithe Gaeltachta a fhorbairt agus an Ghaeilge mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta a neartú agus a bhuanú le go mbeidh an Ghaeltacht mar réigiún den scoth ar chaighdeán domhanda."* Is í fís Údarás na Gaeltachta *"Pobal inbhuanaithe Gaeltachta a chothú ina mbeidh an Ghaeilge mar phríomhtheanga, le heacnamaíocht láidir ag baint úsáid inbhuanaithe as na hacmhainní go léir a bheidh ar fáil agus le caighdeán maireachtála den chéad scoth."* Déanann an tÚdarás gach iarracht na cuspóirí seo a bhaint amach trí fhorbairt fiontraíochta agus tionscnaimh

chruthaithe fostaíochta a chothú agus a mhaoiniú, chomh maith le trí thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí straitéiseacha teangabhunaithe, pobail agus cultúrtha.
De réir réamhfhigiúirí Dhaonáirimh 2022 tá 104,938 duine ina gcónaí sa Ghaeltacht. Bhí 9,526 fostaithe go lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí de chuid an Údaráis in 2023.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an earnáil fuinnimh inathnuaite don Údarás, agus aithníonn muid na deiseanna a bhaineann leis ó thaobh na forbartha eacnamaíochta de chomh maith le bheith mar bhealach chun astaíochtaí carbóin a ísliú. Creideann muid go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh pobail Gaeltachta in ann buntáiste a bhaint as na deiseanna a chruthaíonn sé seo, ní hamháin ó thaobh na fostaíochta de, ach go mbeadh buntáiste pobail níos leithne ann ó thaobh Ciste Buntáiste Pobail agus deiseanna maidir le tionscnaimh fuinnimh inathnuaite pobal-bhunaithe a fhorbairt a rachfadh chun sochair pobail Gaeltachta agus a chuideodh lena n-inbhuanaitheacht sa todhchaí.

**<u>Deiseanna Chósta na Gaeltachta</u>**
Síneann cósta na Gaeltachta thar 2,500 km ó Dhún na nGall ó thuaidh go dtí an Rinn i gCo. Phort Láirge. i dtéarmaí spásúla is ionann seo agus 25% de chósta iomlán na hÉireann, na 6 oileán Gaeltachta san áireamh.

Is timpeallacht dúshlánach í seo maidir le deiseanna nua forbartha agus fostaíochta a chruthú inti de bharr na ceantracha cois cósta a bheith scoite amach óna chéile agus na laigeachtaí móra sa bhonneagar fisiciúil agus teileachumarsáide. Ar an láimh eile tá sé cruthaithe ag na ceantracha seo go bhfuil buntáiste iomaíoch acu mar láithreacha tarraingteacha le fiontair rathúla a fhorbairt agus a choinneáil iontu. I meas na buntáistí a bhaineann leis na ceantair seo ó thaobh na fuinnimhe gaoithe eischósta tá:

- Deiseanna maidir leis an bhfuinneamh gaoithe, fuinneamh eischósta san áireamh. Beidh Feirm Ghaoithe Charraigeacha Sceirde á fhorbairt amach ó cheantar Gaeltachta i gCo. na Gaillimhe sna blianta beaga amach romhainn.
- Fáil ar fhórsa oibre ardoilte le réimse leathan scileanna a bheadh feiliúnach do riachtanais bonn fiontraíochta measctha, ar a áirítear fuinneamh gaoithe eischósta.
- Fáil ar chumas taighde institiúid oideachais tríú leibhéil, Instittiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, Ionad Taighde Cósta is Mara ag Coláiste na hOllscoile, Cocaigh agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.

- Líonra láidir comhoibritheach le gníomhaireachtaí forbartha agus infheistíochta ina measc Bord Iascaigh Mhara (BIM), Foras na Mara, Fiontraíocht Éireann, An tÚdarás Forbartha Tionscail, SmartBay, An Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn (IFI), Coimisiún Forbartha an Iarthair, Solas agus na 7 gComhairle Condae a bhfuil Gaeltacht iontu.
- Calafoirt Gaeltachta agus gar don Ghaeltacht – m.sh. Ros an Mhíl, Daingean Uí Chúis, na Cealla Beaga.

*Próiseas Pleanála Teanga*

Tá an próiseas pleanála teanga faoi lán seoil agus á chur i bhfeidhm sna Limistéir Pleanála Teanga ar fad sa Ghaeltacht, mar atá sannta faoi Acht na Gaeltachta 2012. Is é cuspóir an phróisis pleanála teanga, a leagtar amach faoi Acht na Gaeltachta, an Ghaeilge a threisiú mar theanga phobail agus teaghlaigh sna ceantair lena mbaineann. Tá sé tábhachtach go mbeadh deiseanna fostaíochta ar fáil don phobal sna ceantracha Gaeltachta le gur féidir an cuspóir seo a bhaint amach. Tá sé tábhachtach freisin go mbeidh deis ag na pobail Ghaeltachta buntáiste a bhaint as aon fhorbairt ar an dtionscal fuinnimh inathnuaite ar mhaithe le hinbhuanaitheacht na bpobail teanga sa Ghaeltacht.

***<u>Moltaí sonracha</u>***

**<u>Ag dúnadh an Bhearna sa Slabhra Soláthair</u>**

Chun an bhearna a dhúnadh ní mór a chinntiú go bhfuil an t-infreastruchtúr cuí ar talamh ar fáil don earnáil chomh maith leis an t-infreastruchtúr atá i bhfarraige. Caithfear na calafoirt agus seirbhísí ar tír a fhorbairt le freastal ar an earnáil agus caithfear cinntiú go bhfuil bealaí iompair feilúnacha ar fáil chun freastal ar na calafoirt chomh maith.

De réir taighde a choimisiúnaigh Údarás na Gaeltachta léiríodh dá ndéanfaí forbairt ar chalafoirt Ros an Mhíl, mar shampla, go gcruthófaí suas le 900 post agus go mbainfeadh cuid acu seo le soláthar seirbhíse don tionscal fuinneamh gaoithe eischósta. Tá an tuairisc ar fáil anseo TuarascailAtkinsGaeilge.pdf (udaras.ie)

Ní mór go mbeadh deis ag FBManna áitiúla táirgí agus seirbhísí a sholáthar don earnáil agus go dtógfaí céimeanna le cinntiú go bhfuil siad inniúil agus réidh chun sin a dhéanamh.

**Comhoibriú**

Le cinntiú go mbeidh rath ar an dtionscal fuinneamh gaoithe eischósta ní mór go mbeadh comhoibriú iomlán idir ranna agus áisíneachtaí stáit, comhairlí contae, comharchumainn agus pobail áitiúla.

Chuideodh an polasaí cnuasaithe (braislithe) atá sonraithe sa *Páipéar Bán ar an bhFiontraíocht 2022-2030* go mór le comhoibriú idir chuideachtaí ilnáisiúnta, FBM agus Institiúidí Ardoideachais san earnáil Fuinneamh Gaoithe Eischósta agus ba cheart go lonnófaí ar a laghad ceann amháin de na heagraíochtaí  Chnuasach Náisiúnta, a bheidh maoinithe faoin gClár Cnuasaithe Náisiúnta, saGhaeltacht le gur féidir tacú leis an tionscal sa Ghaeltacht agus pleanáil chun cinn le haghaidh forbairtí eile sa todhchaí.

Teastóidh scileanna agus seirbhísí chun tacú leis an earnáil agus tá se riachtanach go mbeidh na háisíneachtaí stáit, na hinstitiúidí ardoideachais agus na Boird Oiliúna agus Oideachais ag comhoibriú chun daoine a chumasú le bheith in ann fostaíocht a bhaint amach san earnáil seo. Tá Údarás na Gaeltachta ag plé cheana féin leis na hinstitiúidí ardoideachais agus na Boird.Oiliúna agus Oideachais sna contaetha Gaeltachta maidir leis seo agus bainfear úsáid freisin as scémeanna printíseachta agus iarchéime an Údaráis féin chun daoine a chumasú don earnáil.

**Buntáiste Don Phobal**

Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh buntáiste ann don phobal as aon fhorbairtí san earnáil fuinnimh gaoithe eischósta. Chuige sin tá muid ag moladh go mbeadh Ciste Buntáiste Pobail suntasach á gcur ar fáil le gur féidir le pobail na buntáistí a fheiceáil ina bpobail féin. Tá muid ag éileamh freisin go mbeadh infheistíocht déanta san Eangach Aschur Leictreachais sa Ghaeltacht ionas gur féidir leis an earnáil seo forbairt agus le gur féidir le pobail buntáiste a bhaint as an bhforbairt, chomh maith le tionscadail áitiúla a fhorbairt atá ábalta ceangal isteach san eangach.

**Taighde, Forbairt & Nuálaíocht (T&F&N)**

Bíonn gá i gcónaí a bheith i mbun taighde, forbartha & nuálaíochta chun dul i ngleic leis na dúshláin mhóra atá romhainn. Ó thaobh na hearnála fuinnimh gaoithe eischósta de tá géarghá le haghaidh a thabhairt ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leis an acmhainn

luachmhar nádúrtha seo lámh ar láimh le scrúdú géar a dhéanamh ar an dtionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar acmhainní nádúrtha eile a mbítear ag brath orthu.

Ba chóir go mbeadh maoiniú curtha ar fáil le gur féidir aghaidh a thabhairt ar na deiseanna agus na dúshláin seo ar bhealach comhoibrithe agus comhtháite. Teastaíonn comhoibriú idir FBM, institiúidí ardoideachais, cuideachtaí ilnáisiúnta agus an phobal le dul i mbun na hoibre seo, le tacaíocht ó ranna agus áisíneachtaí stáit.

Táimid ag súil go dtabharfar aird ar an aighneacht seo agus go ndéanfar cinnte go mbeidh buntáistí fadtéarmacha ar fáil do na pobail Gaeltacht as aon fhorbairtí san earnáil seo.

Is mise le meas,

[redacted]